AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.11.2025
COM(2025) 672 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le tarmligean cumhachta faoi Threoir 2008/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le sábháilteacht an bhonneagair bóthair a bhainistiú

1. RÉAMHRÁ

Le Treoir 2008/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] (‘an Treoir’), bunaítear creat agus oibleagáid ar Bhallstáit an Aontais nósanna imeachta maidir le sábháilteacht ar bhóithre a chur i gcrích a bhfuil sé d’aidhm acu feabhas a chur ar na gnéithe sábháilteachta ar bhóithre de thionscadail bhóithre agus den bhonneagar bóthair tógtha araon. Soláthraítear in iarscríbhinní na Treorach liosta táscach agus neamh-uileghabhálach de ghnéithe atá le cur san áireamh agus nósanna imeachta maidir le sábháilteacht ar bhóithre á ndéanamh.

Leasaíodh an Treoir le Treoir (AE) 2019/1936[2] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Le ceann de na leasuithe, Airteagal 12, tugtar cumhachtaí tarmligthe don Choimisiún, ina luaitear ‘Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 12a lena leasaítear na hIarscríbhinní chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil.’

I dtaca leis an gcumhacht tugtha sin, faoi Airteagal 12a(2) den Treoir, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuairisciú don Pharlaimint agus don Chomhairle maidir le tarmligean na cumhachta a thugtar dó leis an Treoir, lena n-áirithítear trédhearcacht agus cuntasacht i bhfeidhmiú a chumhachtaí tarmligthe.

2. FEIDHMIÚ NA CUMHACHTA GNÍOMHARTHA TARMLIGTHE A GHLACADH

2.1. Gníomhartha tarmligthe arna nglacadh

Ó tháinig Airteagail 12 agus 12a i bhfeidhm, níl a chumhachtaí tarmligthe feidhmithe ag an gCoimisiún, agus níl aon ghníomh tarmligthe glactha faoin Treoir.

3. CONCLÚIDÍ

I gcomhréir le hAirteagal 12a(2) den Treoir, ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil arís maidir le cumhachtaí tarmligthe roimh dheireadh na chéad tréimhse 5 bliana eile.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.

[1] Treoir 2008/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le sábháilteacht an bhonneagair bóthair a bhainistiú (IO L 391, 29.11.2008, lch. 59), ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/96/oj, arna leasú.

[2] Treoir (AE) 2019/1936 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 lena leasaítear Treoir 2008/96/CE maidir le sábháilteacht an bhonneagair bóthair a bhainistiú (IO L 305, 26.11.2019, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1936/oj.